Cúntóirí Eagarthóireachta Taighde (4 phost)

Conradh bliana ó Eanáir 2012

Téarmeolaíocht agus logainmneacha

Tá FIONTAR ag earcú taighdeoirí ar conradh chun oibriú ar thionscadail éagsúla sna daonnachtaí digiteacha Gaeilge. Tá cúig thionscadal taighde faoi chúram FIONTAR faoi láthair, agus d'fhéadfadh obair ar na tionscadail éagsúla a bheith i gceist ó am go ham: www.logainm.ie, www.focal.ie, www.ainm.ie, www.iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge) agus tionscadal téarmaí dlí bunaithe ar ionstraimí reachtúla agus foinsí eile. Beidh na taighdeoirí páirteach i meitheal taighde idirdhisciplíneach FIONTAR.

Riachtanais:
Bunchéim onóracha sa Ghaeilge. Is gá céim Mháistreachta i réimse cuí agus/nó taithí dhá bhliain i ról eagarthóireachta nó taighde i réimse na Gaeilge scríofa. Ní mór d'iarrthóirí a bheith inniúil ar obair thaighde a chur i gcrích agus a léiriú go bhfuil siad in ann obair shlachtmhar a dhéanamh agus spriocanna a chomhlíonadh.

Tá caighdeán ard cruinnis sa Ghaeilge scríofa agus eolas ar an ngramadach riachtanach do na ceapacháin uile. Beidh tástáil scríofa sa Ghaeilge mar chuid den phróiseas earcaíochta.

Scála Tuarastail: Idir €29,342 agus €32,930

(Beidh an pointe tosaigh de réir cáilíochtaí agus taithí; déanfar coigeartú ar na rátaí thuas d'iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí de réir forálacha Cháinaisnéis 2011)

Riachtanais:
Bunchéim onóracha sa Ghaeilge. Is gá céim Mháistreachta i réimse cuí agus/nó taithí ghairmiúil dhá bhliain i réimse na Gaeilge scríofa i ról eagarthóireachta, aistriúcháin nó taighde.

Tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le FIONTAR chun na poist seo a phlé: An Dr Caoilfhionn Nic Pháidín (01-7005173); caoilfhionn.nicphaidin@dcu.ie

Spriocdháta iarratais: Dé hAoine, 7 Deireadh Fómhair 2011.

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ó:
http://www.dcu.ie/hr/vacancies/fiontar_application_form_6pg.doc Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9. Fón: +353 (0)1 700 5149; Faics: +353 (0)1 700 5500 R-phost: hr.applications@dcu.ie
www.dcu.ie/vacancies/current.shtml

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.